## An Ráiteas Misean s'Againne

Saothraímid chun a bheith ar chéad rogha conraithreora ár gcliant agus chun a bheith ar an rogha fostóra ár ndaoine agus lucht ár slabhra soláthair. Chun na daoine is mó tallan agus is dírithe a mhealladh agus a choinneáil chun réitigh chun leas an uile pháirtí a bhaint amach ar fud ár n-oibríochtaí. Chun cur chuige nuálach, fiontrach agus cróga i leith an ghnó a spreagadh, agus oiliúint structúrtha agus ardán forbartha don fhoireann mar chrann taca leis sin. Timpeallacht shábhailte a sholáthar i gcónaí dóibh siúd ar fad atá bainteach lenár ngníomhachtaí agus bród a chothú inár gcuid oibre, ag chuile leibhéal dár ngnó. Brabús maith a sholáthar go seasmhach, chun an misean seo a bhaint amach agus rath na hoibre a cheiliúradh.

## Luachanna:

**Rogha conraithreora**

- Tugaimid margadh maith cothrom dár gcustaiméirí. Is de réir a chéile a chothaítear caidreamh láidir le custaiméirí agus ní thabharfar tús áite riamh don bhrabús gearrthéarmach le hais caidrimh ghnó fhadtéarmach.
- Lorgaímid bealaí nua i gcónaí chun gnó a dhéanamh linn ar shlithe níos-éasca, is comhlucht lúfar muid i gconaí le meon dearfach i dtaobh na n-oibríochtaí ar fada bhíonn idirláimhe againn.
- Cuirimid luach ard ar phlé leanúnach lenár gcustaiméirí, más linne a bhíonn siad ag labhairt, fágann sin nach mbíonn siad ag gabháil i muinín ár n-iomaitheoirí.
- Cuimhnímid i gcónaí buíochas a ghlacadh, agus cuirimid ardbhéim ar ghairmiúlacht, ar mhacántacht, ar mhuinín agus ar chuirtéis.

**Rogha fostóra**

- Cuirimid oideachas agus oiliúint ar ár bhfoireann, agus déanaimid meantóireacht ar ár bhfoireann chun barr feabhais a bhaint amach.
- Cuirimid ardluach ar am a chéile, ag léiriú measa ar chomhoibrithe agus ar na daoine a mbímid ag déileáil leo.
- Cinntímid go mbíonn dtlúthchomhar oibríochtúil agus tráchtála ann idir muid féin agus ár gcliant, cabhraíonn sé seo tograí dearfacha, rathúla agus sásúla a chruthú do na páirtithe ar fad.
- Aithnímid rath an chomhlachta agus déanaimid ceiliúradh ar an méid sin.

**Cur chuige nuálach, fiontrach agus cróga i leith gnó**

- Táimid paiseanta faoin ár gcuid oibre agus bímid i gcónaí ag iarraidh barr feabhais a bhaint amach.
- Tá sé mar ardaidhm againn an trealamh is nuaí agus an gléasra is nuaí a bheith ar ár láithreáin, agus chuige sin déanaimid infheistiú leanúnach agus athbhreithniú rialta ar tháirgí.
- Bímid ag déanamh plé seasta lenár slabhraí soláthair le cinntiú go mbímid ar an eolas faoi tháirgí nua agus seirbhísí nua a d'fhéadfaí a roinnt lenár gcliaint chun an margadh is fearr a sholáthar.
- Slógaimid foraim rannóige chun smaointe a bhailiú agus deá-chleachtais a roinnt le cách.

**Ár gcultúr do sholáthar**


- Thar aon ní eile, tugaimid tús áite don tsábháilteacht agus bímid ag lorg modheolaíochtaí nua nó trealamh níos fearr i gcónaí chun riosca a laghdú.
- Is é cultúr na cailíochta atá i gcroí lár ár n-oibríochtaí gnó ar fad, lena ndéantar deá-chleachtas a thagarmharcáil agus lena leagtar amach spriocanna chun cailíocht a ghnóthú.
- Cinntímid go mbíonn am agus deis tugtha do na baill foirne a gcuid tuairimí a nochtadh.
- Bímid bródúil léine Coinford a chaitheamh agus is ábhar mórtais dúinn an táirgeadh a sholáthraímid.

**Brabús a sholáthar**

- Gearraimid fuíll gan staonadh agus dírímid ar chur chuige 'déanta i gceart an chéad uair' chun obair bhreise a sheachaint.
- Déanaimid athbheithniú seasta ar ár gcuid oibríochtaí, ag aithint gnóthachain éifeachtúlacht nuair is féidir.

- Déanaimid ár ndícheall tograí a sholáthar in am agus mar a bhí geallta, ag ríomhchlárú ár gcuid oibríochtaí go cruinn, ó staid na tairisceana go ceann scríbe.
- Dírímid ar bhrabús le plean inbhuanaithe réalaíoch do bhorradh an láimhdeachais, i gcomhréir go hiomlán lenár gcumas agus inniúlachtaí soláthair.

**M.A. Hickey**
**Joint Chairman**



**J.G. Hickey**
**Joint Chairman**

